# Tacú le Machnamh sa Seomra Teanga



IS FÉIDIR GO MBEADH CUID DE NA LEIDEANNA SEO A LEANAS INA GCUIDIÚ AGAT AGUS AG DO SCOLÁIRÍ CHUN STRAITÉISÍ DON MHACHNAMH A FHORBAIRT

## Roimhré

-Cad é is féidir liom a dhéanamh sa teanga cheana?
-Cad é atá ar eolas agam faoin teanga a chabhróidh liom?
-Cad é a chaithfidh mé a fhoghlaim?
-Cad é atá mé ag foghlaim?
-Cad iad mo chuid spriocanna?
-Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil an fhoghlaim déanta agam?
-Cad iad na straitéisí is féidir liom a úsáid chun cabhrú liom foghlaim?
-Conas a léireoidh mé an méid atá foghlamtha agam?

## Lena linn

-An dtuigim an rud atá mé ag déanamh?
-An bhfuil na critéir ratha ar eolas agam?
-Cad é a chaithfidh mé a dhéanamh chun feabhas a chur ar mo chuid oibre?
-An gá dom athruithe a dhéanamh?
-An bhfuil mé ag obair i dtreo na spriocanna atá agam?

## Ina dhiaidh

-Ar bhain mé amach mo chuid intinní / spriocanna foghlama?
-Is é an príomhrud a d'fhoghlaim mé...
-Bhí / Ní raibh dúil agam a bheith ag foghlaim ar an dóigh seo mar...
-Cad iad na scileanna a d'fhorbair mé? / Cad iad na scileanna is gá dom a fheabhsú?
-Cad é a d'oibrigh / nár oibrigh go maith? Cén fáth?
-Cad é a dhéanfainn go difriúil an chéad uair eile? Cén fáth?
-Cad iad na tacaí eile a bheadh de dhíth orm chun feabhsú?

## Machnamh ar Aiseolas

-Cad é a d'fhoghlaim mé?
-Cad é a d'oibrigh go maith?
-Cad é is féidir liom a fheabhsú?
-Cad é an aidhm / na haidhmeanna a bheidh agam don chéad uair eile?
-An bhfuil ceist ar bith agam i dtaca leis an aiseolas a fuair mé?

Arna oiriúint ó fhoinsí a chruthaigh Tionscadal Erasmus+ ATS2020